

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

CUNTASAÍOCHT — ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ MÁIRT, 13ú MEITHEAMH, 2000 — IARMÓIN, 2.00 p.m. – 5.00 p.m.

Tá an páipéar seo roinnte i 3 roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ag dul don chéad cheist agus tá 60 marc an ceann ag dul don dtrí cheist atá fágtha.

Ba chóir d'iarrthóirí **CHEIST 1 AMHÁIN** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ CHEANN** ar bith den trí cheist atá fágtha sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc an ceann ag dul go gach aon cheist acu. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ CHEANN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc an ceann ag dul do gach cheist den dhá cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ar an bpáipéar seo: tá sé an-tábhachtach, áfach, go dtaispeántar oibríochtaí sa leabhar freagraí/sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

ROINN 1 (120 marc)

Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile.

1. Cuntais Chríochnaithe Comhlachta

Tá Caipiteal údaraithe £960,000 ag Mac Roibín Tta., agus é roinnte ina 600,000 Gnáthscair ar £1 an ceann agus 360,000 Scair Thosaíochta 8% ar £1 an ceann. Baineadh amach an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/1999.

	£	£
Talamh agus Foirgneamh ar a gcostas.....	840,000	
Dímheas carnaithe-talamh agus foirgnimh.....		42,000
Veaineanna seachadta ar a gcostas.....	273,000	
Dímheas carnaithe – Veaineanna seachadta		70,000
Paitinní ina bhfuil ioncam infheistíochta 3 mhí	57,500	
Infheistíocht 8% 1/4/1999	125,000	
Stoic 1/1/1999.....	54,000	
Ceannacháin agus Díolacháin.....	520,000	860,000
Táillí Stiúrthóirí.....	40,000	
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta	145,000	
Ús bintiúir a íocadh le linn na chéad trí mhí.....	5,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe.....	61,000	54,000
Soláthar in aghaidh drochfhiacha.....		2,700
Díbhinní eatramhacha do na chéad 3 mhí.....	25,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/1999.....		82,000
Bintiúir 8% (agus 100,000 bintiúir eisishe 8% ar par ar 31/3/1999 san áireamh)		350,000
Cáin Bhreisluacha.....		18,000
Banc		16,800
Caipiteal Eisishe..		
400,000 Gnáthscair ar £1 an ceann		400,000
250,000 Scair Thosaíochta 8%		250,000
	<u>2,145,500</u>	<u>2,145,500</u>

Ni mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Ba é glanluach inréadaithe an Stoic ar 31/12/1999 ar a chostas ná £57,000 – san fhigiúr seo tá seanstoc a chosain £10,000 ach arbh é a luach anois ná 60% den chostas.
- (ii) Tá paitinní , a raibh ioncam infheistíochta 3 mhí comhshnaidhmthe ann le díscríobh thar tréimhse 4 bhliain ag tosú i 1999.
- (iii) Tá an figiúr de bhanc sa chomhardú trialach tógtha ó chuntas bainc an chomhlachta. Ach, tá ráiteas bainc dar dáta 31/12/1999 tar éis teacht agus rótharraingt bhainc £10,630 á thaispeáint air. Thug comparáid idir an cuntas bainc agus an ráiteas bainc na neamhréitigh seo a leanas chun solais:
 1. Íocadh ioncam infheistíochta £2,500 díreach do chuntas bainc an chomhlachta.
 2. Níor deineadh £750 a bhí feichiúnaithe go díreach don BSL a chlárú i leabhair an chomhlachta.
 3. Rinneadh seic do £860, a eisíodh do sholáthraí , a iontráil sna leabhair (**leabhar airgid agus mórleabhar**) mar £680.
 4. Íocadh aistriú sochair £600 díreach do chuntas bainc an chomhlachta ar son feichiúnaí bhriste. Is ionann seo agus an chéad íocaíocht agus an íocaíocht dheiridh 30p sa £1.
 5. Níor tairgeadh fós le haghaidh íocaíochta seic £4,000 a eisíodh do stiúrthóir.
- (iv) Déan soláthar in aghaidh dhímheasa ar veaineanna seachadta ar an ráta bliantúil 20% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diola. **NÓTA:** Ar 31/5/1999 trádáladh isteach veain seachadta a chosain £54,000 ar 1/6/1997, in aghaidh veain nua a chosain £72,000. Rinneadh liúntas £30,000 i leith an tseanveain. Déileáladh go mícheart leis an seic do ghlanmhéid an bhirt seo mar cheannachán stoic thrádála. B'shin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (v) Déan soláthar in aghaidh dhímheasa ar fhoirgnimh ar an ráta bliantúil 2% de chostas (costais Talamh £140,000). Ar deireadh 1999 rinne an chomhlacht an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar £960,000.
- (vi) Molann na stiúrthóirí:
 1. An díbhinn tosaíochta atá dlite a íoc.
 2. Go ndéanfaí soláthar do dhibhinn deiridh ar ghnáthscaireanna leis an díbhinn iomlán a thabhairt suas go 9%.
 3. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh an ioncaim infheistíochta agus an úis bhintiúir atá dlite.
 4. Go ndéanfaí an soláthar in aghaidh drochfhiacha a choigeartú go dtí 5% d'fhéichiúnaithe.

Iarrtar ort iad seo a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/1999. (45)

(120 marc)

2. Gnólacht Seirbhíse

San áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais S. Uí Riada, dochtúir, ar 1/1/1999 bhí siad seo a leanas;

Máinliacht £120,000; Trealamh £25,000; Carr £24,000; Creidiúnaithe do Sholáthar Leighis; £1,200; Stoc Soláthar Leighis £2,200; Infheistíocht 6% £100,000; Dlíte ó scéim na gcártaí leighis £7,600, Morgáiste Seasta 7% £90,000, Caipiteal £165,600.

Is é seo a leanas an Cuntas Fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/1999.

Cuntas Fáltas agus íocaíochtaí S.Uí Riada don bhliain dar chríoch 31/12/1999.

	£		£
Ean. 1 Iarmhéid	2,400	Soláthar Leighis	8,000
Díolachán Trealamh (costas £12,000)	5,000	Solas agus Teas	3,300
Scéim Árachas Leighis	22,700	Teileafón agus Postas	2,900
Scéim Árachas Leighis	62,000	Pá an Fháilteora	8,800
Ioncaim Infheistíochta	4,800	Ús ar Mhorgáiste Seasta	5,775
		Speansais Cairr	5,300
		Árachas	2,400
		Coimirce duais ag Spórt Aitiúil	800
		Bannaí Infheistíochta 31/12/1999	35,000
		Tarraingtí	20,800
		Iarmhéid	3,825
	<u>96,900</u>	Nollaig 31	<u>96,900</u>

Ní mór an t-eolas agus na horduithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Ba é an stoc soláthar leighis ar 31/12/1999 ná £2,350.
- Ní chuireann an figiúr dúnadh bainc san áireamh Táillí bainc £70 agus seic obtha de £150 a fuarthas ó othar príobháideach agus a thaisceadh i ndeireadh mí na Nollag.
- Sa figiúr dúnadh do tharraingtí airgid cuirtear san áireamh pá £1,200 le haghaidh dhá sheachtain, íochta d'ionadaí dochtúra agus iarrtar ort pá seachtaine eile dlite a sholáthar.
- Baineann 75% den solas, teas, teileafón agus postas leis an gcleachtas dochtúra agus tá an fuilleach príobháideach.
- Sócmhainní Seasta a dhímheas ar 31/12/1999 mar leanas:
 - Trealamh — 20% den chostas
 - Carr — 20% den chostas
 - Máinliacht — 2% den chostas.

Nóta: Tugtar Sócmhainní Seasta ar chostas agus carnaíodh an dímheas orthu le dhá bhliain ar 31/12/1998. Níl aon dímheas ar threalamh diúscairte i mbliain na diúscairte.

- Is iad na táillí ó chartaí leighis agus ó othair phríobháideacha faoi seach ná £8,400 agus £250 ar 31/12/1999.

Iarrtar ort iad seo a ullmhú:

- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais/ Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999. (35)
- Clár Comhardaithe mar atá ar 31/12/1999. (25)

(60 marc)

3. Cuntais Fhoilsithe

Tá Caipiteal údaraithe £850,000 ag Ultach Plc., agus é roinnte ina 650,000 Gnáthscair ar £1 an ceann agus 200,000 Scair Thosaíochta 6% ar £1 an ceann. Baineadh amach an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/1999:

	£	£
Talamh agus Foirgneamh (athluacháilte ar 1/7/1999)	800,000	
Cúlchiste Athluachála		260,000
Veaineanna seachadta ar a gcostas	180,000	
Veaineanna seachadta – Dímheas carnaithe ar 1/1/1999		70,000
Paitinn	20,000	
Infheistíocht 8% 1/1/1999	120,000	
Féichiunaithe agus Creidiúnaithe	47,000	68,000
Ceannacháin agus Díolacháin	605,000	895,000
Stoic 1/1/1999	41,000	
Táillí Stiúrthóirí	60,000	
Tuarastal agus Speansais Ghinearalta	122,000	
Lascaine		3,250
Fógraíocht	16,000	
Ioncaim Infheistíochta		7,200
Brabús ar Dhíolacháin Talún		80,000
Cíos	22,000	
Díbhinní eatramhacha do na chéad 6 mhí	24,000	
Iarmhéid Brabús agus Caillteanais 1/1/1999		62,700
Bintiúir 8% (2008/2009) agus £60,000 bintiúir eisithe ar 1/8/1999		160,000
Banc		43,150
Cáin Bhreisluacha		7,700
Caipiteal Eisithe		
300,000 Gnáthscair ar £1 an ceann		300,000
100,000 Scair thosaíochta 6%		100,000
	<u>2,057,000</u>	<u>2,057,000</u>

Ta an t-eolas seo a leanas ábharthach chomh maith:

- (i) Bhí an Stoc ar 31/12/1999 sainluacha ar bhunús tús isteach tús amach ar £44,000.
- (ii) Fuarthas an Phaitinn ar 1/1/1997 ar £28,000. Amúchtar é thar 7 mbliana i gcomhráthchodanna. Ba chóir an t-amúchadh a chur san áireamh i gcostas díolachán.
- (iii) Ar 1/7/1999 fuair na sealbhóirí Gnáthscaireanna díbhinn eatramhach £21,000 agus fuair na sealbhóirí Scair Thosaíochta £3,000. Molann na Stiúrthóirí íocaíocht na díbhinne tosaíochta dlite agus díbhinn deiridh ar Ghnáthscair de 3p in aghaidh na scaire.
- (iv) Ar 1/7/1999 dioladh talamh ar £140,000, a raibh céadchostas £60,000 air. Ar an dáta seo, rinneadh an chuid eile den talamh agus foirgnimh a athluacháil ar £800,000. Cuirtear san áireamh san athluacháil seo talamh a luachailítear anois ar £150,000, ach a chosnaigh £50,000 sa chéad ait. Chosnaigh na foirgnimh athluacháilte £500,000.
- (v) Déan soláthar in aghaidh dímheasa mar leanas:
 - Veaineanna seachadta ar ráta 20% den chostas.
 - Foirgnimh ar ráta 2% de chostas go dtí dáta athluachála agus ag 2% den bhfigiúr athluacháilte ina dhiaidh sin.
- (vi) Soláthar a dhéanamh ar ús díbhinne dlite, ioncaim infheistíochta dlite, táillí Iniúcháir £5,500 agus Cáin £25,000.

Iarrtar ort :

- (a) Cuntas Brabús agus Caillteanais foilsithe a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/1999 de réir Acht na gComhlachtaí agus le caighdeán cuntasíochta oiriúnacha chun na nótaí seo a leanas a léiriú:
 1. Nóta polasaí cuntasíochta le haghaidh stoc agus dímheas.
 2. Díbhinní.
 3. Ús dlite.
 4. Brabús oibriúcháin.
 5. Brabús ar dhíolachán maoinne. (45)
 - (b) Céard is brí le ‘Iniúchadh’? Céard é aidhm an iniúchta? (15)
- (60 marc)**

4. Cuntas Stiúraithe Creidiúnaithe

Taispeánadh na hiarmhéideanna seo a leanas i gCuntas Stiúraithe an Mhórleabhair Creidiúnaithe ag B. ó Riain - £41,228 sr agus £466 dr, ar 31/12/1999. Níor aontaigh na figiúirí seo le Sceideal (Liosta) Iarmhéideanna na gCreidiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Thug iniúcadh na leabhar an méid seo a leanas chun solais:

- (i) Bi creidiúnaí tar eis ús £74 san iomlán a ghearradh ar chuntas a bhí thar téarma. Ba é an t-aon iontráil sna leabhair i leith an úis ná £47 a cuireadh chun dochair an chreidiúnaí. I ndiaidh agóide, laghdaíodh an t-ús seo go dtí £20 ach níor léiríodh an laghdú seo sna cuntais.
- (ii) Fágadh Lascaine £18 nár cheadaigh soláthraí as na leabhair.
- (iii) Fuarthas nóta creidmheasa £65 ón soláthraí. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná £650 chun sochair cuntais pearsanta soláthraí.
- (iv) Cuireadh ceannacháin airgid £350 le ó Riain chun dochair cuntais an tsoláthraí.
- (v) Bhí sonrasc do £660 faighte ag ó Riain ó sholáthraí. Iontráladh é seo sa leabhar oiriúnach lae mar £606. Ach, nuair a bhíodhas ag breacadh ón leabhar seo go dtí an mórleabhar ní raibh aon iontráil déanta sa chuntas pearsanta.
- (vi) Bhí ó Riain tar éis earraí £210 a chur ar ais chuig soláthraí agus rinne sé é seo a iontráil i gceart sna leabhair. Tháinig nóta creidmheasa, áfach, inar taispeánadh aisbhaint 10% i leith táille athstocála. Cuireadh méid iomlán an nóta creidmheasa seo chun sochair cuntais an chreidiúnaí. Níor cuireadh iontráil ar bith eile sna leabhair i leith an nóta creidmheasa.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Ceartaithe Stiúraithe Mhórleabhar na gCreidiúnaithe. (30)
- (b) Sceideal Ceartaithe na gCreidiúnaithe ag leiriú an bhun – iarmhéid. (30)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)

Freagair DHÁ cheist AR BITH

5. Míniú ar Chuntais

Tógadh na figiúirí seo a leanas don dhá bhliain dar chríoch 31/12/1998 agus 31/12/1999 as leabhair de Róiste CTP, comhlacht atá ag obair i dTurasóireacht, a bhfuil Caipiteal údaraithe de £800,000 acu, déanta de 500,000 Gnáthscair ar £1 an ceann agus 600,000 Scair Thosaíochta 8% ar £0.50 an ceann. Tá 350,000 Gnáthscair agus na Scaireanna Tosaíochta ar fad eisithe cheana ag an gComhlacht.

	£	1999 £	£	1998 £
Díolacháin		890,000		780,000
Stoic Tosaigh	48,000		39,000	
Stoic Deiridh	65,000		48,000	
Costas Díolacháin		<u>640,000</u>		<u>570,000</u>
Ollbhrabús		250,000		210,000
Speansais Iomlán don bhliain		<u>121,000</u>		<u>103,000</u>
Brabús glan don bhliain		129,000		107,000
Díbhinní a moladh		<u>70,000</u>		<u>55,000</u>
Brabús Coinnithe don bhliain		59,000		52,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1		<u>101,000</u>		<u>49,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12		<u>160,000</u>		<u>101,000</u>
		£		£
Sócmhainní Seasta		750,000		640,000
Infheistíochtaí (luach an mhargaidh £110,000 ar 31/12/99)			90,000	140,000
Sócmhainní Reatha	290,000		211,000	
Creidiúnaithe Trádála	(100,000)		(85,000)	
Díbhinní a moladh	<u>(70,000)</u>	<u>120,000</u>	<u>(55,000)</u>	<u>71,000</u>
		<u>960,000</u>		<u>851,000</u>
Bintiúir 8% 2008 (faoi urrus)		150,000		100,000
Caipiteal - Gnáthscair		350,000		350,000
Caipiteal - Scair Thosaíochta		300,000		300,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais		<u>160,000</u>		<u>101,000</u>
		<u>960,000</u>		<u>851,000</u>
Luach margaidh gnáthscair amháin		£1.60		£1.50
Ús díbhinne don bhliain		£11,000		£8,000

(a) áirigh iad seo a leanas don **dhá bhliain**.

- (i) An Cumhdach úis
- (ii) An Tuilleamh in aghaidh na Gnáthscaire.
- (iii) An fad a ghlacfadh sé do ghnáthscair amháin a phraghas margaidh bunaithe ar an ráta reatha tuillimh a chúiteamh
- (iv) An teacht isteach díbhinne ar Ghnáthscaireanna (50)

(b) Abair gur mhian leis an gComhlacht a thuilleadh airgid a dhéanamh trí eisiúint na scaireanna eile ar £1.55 an ceann. Mar scairshealbhóir, an mbeifeá toilteanach na scaireanna seo a cheannach? Imlínigh do chúiseanna faoi roinnt scaireanna a cheannach /nó gan iad a cheannach.

Ba chóir go gcuirfeá san áireamh i do fhreagra gach eolas ábharthach atá ins na figiúirí thuas agus tagairtí do gach aon eolas eile a bhfuil gá leis, dar leat. (50)

(100 marc)

6. Taifid Neamhiomlán

Ar 1/1/1999 cheannaigh R. Mac Roibeaird gnólacht ar £210,000 . Séard a bhí ann ná na Sócmhainní agus Dlíteanais inláimhsithe seo a leanas: áitreabh £180,000, Stoc £16,400, Féichiúnaithe £14,000, árachas 3 mhi réamhíochta ar áitreabh £900, Creidiúnaithe Trádála £20,400 agus Pa dlite £2,400.

Le linn 1999 níor choinnigh Mac Roibeaird sraith iomlán cuntas ach bhí sé ábalta an t-eolas seo a leanas a sholáthar ar 31/12/1999.

Locaíocht Airgid: Taisceadh £104,000, Speansais Ghinearálta £32,300, Ceannacháin £86,200.

Locaíocht Bainc: Veaineanna seachadta £33,300, Creidiúnaithe £42,200, Solas agus Teas £6,400, ús £2,475, Préimh árachais bhliaintiúil ar áitreabh £4,800, Cúnant ar Eagraíocht Charthanach £2,000, Troscán £16,000.

Taisceadh Bainc: Feichiúnaithe £35,000, Airgead £104,000, Dibhinní £4,500.

Thóg Mac Roibeaird ó stoc earraí ar luach £90 agus £100 airgead tirim in aghaidh na seachtaine chun úsáid an teaghlaigh i rith na bliana. Fuair Mac Roibeaird £90,000 ar iasacht ar 1/9/1999. Baineadh feidhm as cuid de chun áitreabh sínte leis a cheannach ar chostas £75,000. Socraíodh go n-íocfadh Mac Roibeaird ús ar an lá deireanach de gach mí ar ráta 11% in aghaidh na bliana. Bhí an tsuim caipitil le n-íoc ar ais mar chnapshum sa bhliain 2009 agus chun soláthar a dhéanamh ar siúd d'aistróidh an banc £600 ar an lá deireanach de gach mí ó chuntas banc Mhic Roibeaird go ciste infheistíochta. Rinne Mac Roibeaird meastachán gur chóir go mbeadh 25% den troscán, solas agus teas a úsáideadh chomh maith le 20% den ús inioctha don bhliain incurtha do roinn phríobhaideach an áitribh.

San áireamh i measc sócmhaimhí agus dlíteanais Mhic Roibeaird ar 31/12/1999 bhí siad seo leanas: Stoc £18,300, Féichiúnaithe £22,500, Creidiúnaithe Trádála £34,800, Airgead £600, Leictreacais dlite £560, agus Ús £66 go dáta sa chiste.

Iarrtar ort a thaispeáint, le hoibriúcháin:

(a) Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999. (60)

(b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/1999. (40)

(100 marc)

7. Ceartú earraí agus cuntas fionraí.

Níor réitigh Comhardú Trialach S.ó Maoildeirg , úineir garáiste, ar 31/12/1999. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo a leanas:

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/1999.

	£	£	£
Socmhainní Seasta			
Áitreabh		200,000	
Trealamh		<u>58,000</u>	258,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc (is fionraí san áireamh)		94,000	
Féichiúnaithe		<u>27,000</u>	
		121,000	
Lúide : Creidiúnaithe: suimeanha dlite lastigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe	46,000		
Banc	<u>31,000</u>	<u>77,000</u>	<u>44,000</u>
			<u>302,000</u>
Á Maoiniú Ag			
Caipiteal		266,000	
Móide: Brabús Glan		<u>49,000</u>	
		315,000	
Lúide: Tarraingtí		<u>13,000</u>	302,000
			<u>302,000</u>

Tar éis na leabhair a sheiceáil, tháinig na hearráidí seo a leanas chun solais:

- (i) Bhí duais do shaoire phríobhaideach do bheirt, a raibh luach £5,000 uirthi 60 hiomlán, buaite ag ó Maoildeirg. Tugadh ticéad amháin do dhuine díolacháin mar pháirtíocaíocht coimisiúin díolachain, agus tugadh an ceann eile do ghnólacht fógraíochta mar lániocaíocht as fiacha £2,650. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair.
- (ii) Rinneadh carr , a ceannaíodh ar cairde ó S. Arnóid ar £11,000, a iontráil ar an taobh mícheart de chuntas Arnóid agus cuireadh chun sochair é mar £1,100 i gcuntas an Trealaimh.
- (iii) Cuireadh páirteanna cairr, a díoladh ar cairde cheana féin ar £230 ar ais chuig ó Maoildeirg. Rinneadh na baill seo a iontráil de dhearmad mar £30 chun sochair an chuntais Trealaimh agus mar £23 chun dochair an chuntais Cheannacháin.
- (iv) Bhí ó Maoildeirg i bhfiacha £1,200, go príobháideach agus rinneadh an tsuim sin fhritháireamh mar shocraíocht ghnólacht £ 1,380, ar cóiriú cairr a rinneadh cheana féin. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an bhfritháireamh seo.
- (v) Chuir ó Maoildeirg carr ar ais, a bhí ceannaithe roimhe sin ar £10,400 ar cairde o sholáthraí agus rinne sé an beart sin a iontráil go mícheart sna cuntais chúí mar £10,440. Ach tháinig nóta creadmheasa ina dhiaidh sin ón soláthraí i leith an seoladh ar ais, inar taispeánadh táille iompar £250 chun an costas a bhain lena sheoladh ar ais a chlúdach. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leith an nóta creidmheasa seo ná creidmheas £10,150 i gcuntas an chreidiúnaí

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartucháin riachtanacha a iontráil sa leabhar Cúnta. (55)
- (b) An Cuntas Fionraí a thaispeáint. (10)
- (c) Ullmhaigh Ráiteas agus taispeáin an brabús glan ceart. (15)
- (d) Clár Comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costáil stoic agus táirgeadh

- (a) Baineann an t-eolas seo a leanas le ceannacháin agus díolacháin ó Reachtair Tta. don bhliain 1999 (gan CBL san áireamh)

Tréimhse	Ceannacháin ar cairde	Díolacháin Chreidmheasa	Díolacháin Airgid
1/1/1999 go 31/3/1999	3,100 @ £6 an ceann	900 @ £11 an ceann	1,500 @ £12 an ceann
1/4/1999 go 30/6/1999	3,400 @ £7 an ceann	1,100 @ £12 an ceann	1,400 @ £11 an ceann
1/7/1999 go 30/9/1999	3,600 @ £8 an ceann	1,300 @ £12 an ceann	1,400 @ £12 an ceann
1/10/1999 go 31/12/1999	1,600 @ £9 an ceann	1,200 @ £14 an ceann	1,100 @ £14 an ceann

Ar 1/1/1999 stoc tosaigh de 1,500 aonaid @ £6 an ceann.

Iarrtar ort:

- (a) An stoc Deiridh a ríomhadh, ag baint feidhm as tús isteach, tús amach (TITA).
 (b) Cuntas Trádala a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/1999.
- (b) Is comhlacht beag le trí roinn é O Rállaigh Tta. Is iad seo a leanas costais bhuiséadaithe agus ráta súite costais riartha an uair an chomhlachta don bhliain le teacht.

Roinn	Costas Malartach	Costas Seasta	Ráta pá san uair
A	£15 an uair	£6.50 an uair	£8
B	£10 an uair	£2.50 an uair	£7
C	£12 an uair	£2.00 an uair	£9

Is é an ráta súite costais riartha ginearálta sa bhuiséad ná £2.50 an uair.

Is iad seo a leanas na sonraíochtaí do luachan Poist Uimhir 655.

Costas ábhair £3,335

Is iad na huairanta saothair a iarrtar i ngach roinn ná:

Roinn	Uaireanta
A	80
B	170
C	40

Iarrtar ort:

- (a) An praghas díolacháin do Phost Uimhir 655 a áireamh má shocraítear an brabús ag 20% den praghas díolacháin.
 (b) Luaigh dhá chúis le costáil táirgeadh agus mínigh gach ceann ar leith.

(80 marc)

9. Buiséadacht Airgid

Bhí na Sócmhainní agus Dliteanais seo a leanas ag S. Ruairc ar 1 Ean, 1999.

Sócmhainní	£	£
Stoc	31,500	
Féichiúnaithe	9,000	
Airgead	1,300	
Rataí réamhíoctha (3 mhí)	<u>300</u>	<u>42,100</u>
Dliteanais		
Caipiteal		<u>42,100</u>

Is iad seo a leanas na díolacháin a bhfuiltear ag súil leo don chéad 7 mhí seo chugainn:

Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Meith	Iúl
£42,000	£54,000	£50,000	£46,000	£48,000	£50,000	£58,000

- (i) Tá 40% díolachán ar airgead agus tá 60% ar cairde , a bhailítear mí amháin i ndiaidh an díolacháin.
- (ii) Is é 25% an Ollbhrabús mar chéatadán díolachán.
- (iii) Ba mhian le Ruairc iarmhéid airgid de £4,000 ar a laghad a choinneáil ag deireadh gach mí.
- (iv) Is iolrach ar mhíle punt iad na hiasachtaí ar fad agus is é an ráta úis ná 12% in aghaidh na bliana.
- (v) Ba chóir gur leor iad ceannacháin gach mí do dhíolacháin na míosa le teacht a chlúdach.
- (vi) Ióctar as ceannacháin faoi dheireadh na míosa.
- (vii) Ceannaíodh inneall ar Feabhra 1 ar £8,000. (Dímheas 15% in aghaidh na bliana ar chostas.)
- (viii) Tá an áitreabh ar cíos ag Ruairc ar £18,000 in aghaidh na bliana, a bhíonn le híoc gach aon mhí.
- (ix) Pa íoctha £6,200 in aghaidh na míosa.
- (x) Ceannaíodh ríomhaire ar airgead síos£1,600 ar 1 Márta. (Dímheas 25% in aghaidh na bliana ar chostas)
- (xi) Rátaí íoctha sa 6 mhí ó 1 Aibreán - £800 (íoctha in Aibreán)
- (xii) Ní mor ceathrú amháin den airgead a fuarthas ar iasacht ar 31/1/1999 a íoc ar ais ag deireadh mí an Mheithimh chomh maith le hús chun dáta.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Buiséad Airgid don sé mhí ó Eanáir go Meitheamh.
- (b) Brabús agus Cailteanas Buiséadaithe (Pro-Forma Ráiteas Ioncaim) don sé mhí dar chríoch 30/6/1999.

(80 marc)